Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13455/20**
**ADD 1**

**ENV 753**
**ENT 139**
**COMPET 603**
**IND 229**
**SAN 432**
**CONSOM 203**
**MI 531**
**CHIMIE 59**
**DELACT 155**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Samhain 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2020) 7980 final - Iarscríbhinn |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann le RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2020) 7980 final - Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: C(2020) 7980 final - Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.11.2020
C(2020) 7980 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara**

GA GA

# IARSCRÍBHINN

I gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, sa tábla, leasaítear mar a leanas an ceathrú colún (‘Díolúine shonrach maidir le húsáid idirmheánach nó sonraíocht eile’) den iontráil maidir le haigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de phointe 3:

‘3. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir le tiúcháin de chomhdhúile PFOA-ghaolmhara atá cothrom le 20 mg/kg (0,002 % de réir meáchain) nó faoina bhun sin i gcás ina bhfuil siad ina gcomhábhar i substaint a bhfuiltear lena húsáid mar idirmheánach aonraithe iompartha de réir bhrí phointe 15(c) d'Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus ina gcomhlíontar na coinníollacha dianrialaithe a leagtar amach in Airteagal 18(4)(a) go hAirteagal 18(4)(f) den Rialachán sin i dtaca le táirgeadh fluaraiceimicéan ina bhfuil slabhra sárfhluaracarbóin atá 6 adamh ar fad nó níos giorra ná sin.’;

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte de phointe 4:

‘4. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir le tiúcháin de PFOA agus a shalainn atá cothrom le 1 mg/kg (0,0001 % de réir meáchain) nó faoina bhun sin i gcás ina bhfuil siad ina gcomhábhar i micreaphúdair pholaiteitreafluaireitiléine (PTFE) arna dtáirgeadh trí bhíthin ionradaíocht ianúcháin nó trí bhíthin díghrádú teirmeach agus, freisin, i gcás ina bhfuil siad ina gcomhábhar i meascáin agus earraí, ina bhfuil micreaphúdair PTFE, a bhfuiltear lena n-úsáid go tionsclaíoch nó go gairmiúil.’;

(3) cuirtear an pointe (10) seo a leanas isteach:

‘10. Chun críocha na hiontrála seo, beidh feidhm ag pointe (b) d'Airteagal 4(1) maidir le tiúcháin PFOA agus a shalainn agus/nó a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara atá cothrom le 2 mg/kg (0,0002 % de réir meáchain) nó faoina bhun sin i gcás ina bhfuil siad ina gcomhábhar i bhfeistí leighis cé is moite d'fheistí ionracha agus d'fheistí in-ionchlannaithe. Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú agus measúnú ar an díolúine sin tráth nach déanaí ná [IO: cuir isteach an dáta: dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin leasaithigh seo]’.